



An Bhruiséil, 19 Samhain 2025
(OR. en)

15639/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0366 (NLE)

ANTIDISCRIM 109
COCON 68
COHOM 168
COPEN 353
DROIPEN 140
EDUC 456
FREMP 341
JAI 1720
MIGR 433
SOC 783
STATIS 89

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, ag an 19ú cruinniú a bheidh aige, i dtaca leis na moltaí agus na conclúidí atá dírithe chuig Páirtithe áirithe maidir leis na Stáit sin an Coinbhinsiún sin a chur chun feidhme, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus non-refoulement

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 712 final.

Faoi iamh: COM(2025) 712 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.11.2025
COM(2025) 712 final

2025/0366 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, ag an 19ú cruinniú a bheidh aige, i dtaca leis na moltaí agus na conclúidí atá dírithe chuig Páirtithe áirithe maidir leis na Stáit sin an Coinbhinsiún sin a chur chun feidhme, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus non-refoulement

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, ag an 19ú cruinniú de Choiste na bPáirtithe ('CoP' nó 'an Coiste') i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl' nó 'an Coinbhinsiún') an 11 Nollaig 2025, i ndáil le hocht ndrúachtmholadh agus dréachtchoclúid amháin a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh agus a dhírítear chuig naoi bPáirtí maidir leis na Páirtithe sin an Coinbhinsiún a chur chun feidhme.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. Coinbhinsiún Iostanbúl

Le Coinbhinsiún Iostanbúl, leagtar síos sraith rialacha cuimsitheacha agus comhchuibhithe a leagan síos chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac san Eoraip agus níos faide i gcéin. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2014.

Shínigh an tAontas Eorpach an Coinbhinsiún i mí an Mheithimh 2017, agus thug sé i gcrích an nós imeachta aontachais agus dhá ionstraim formheasa á dtaisceadh aige an 28 Meitheamh 2023, lenar tionscnaíodh teacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin don Aontas Eorpach an 1 Deireadh Fómhair 2023. D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoina inniúlacht eisiach, is é sin maidir le hábhair a bhaineann le hinstiúidí agus riarachán poiblí an Aontais¹ agus i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le *non-refoulement*². Tá an Coinbhinsiún sínithe ag Ballstáit uile an Aontais agus tá sé daingnithe ag 22 Bhallstát³.

2.2. Coiste na bPáirtithe

Ionadaithe na bPáirtithe sa Choinbhinsiún a bheidh in CoP⁴. Ní mór do na páirtithe saeolaithe den chéim is airde is féidir a ainmniú, mar ionadaithe dá gcuid, i réimse chosc agus chomhrac an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh⁵. Liostaítear na cúraimí a thugtar do CoP i Riail 1 dá Rialacha Nós Imeachta⁶. An 1 Deireadh Fómhair 2023,

¹ Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstiúidí agus riarachán poiblí an Aontais, IO L 143 I, 2.6.2023, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1075/oj>.

² Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus le tearmann agus non-refoulement, IO L 143 I, 2.6.2023, lch 4, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1076/oj>.

³ Stádas na ndaingnithe an 12 Samhain 2025: AG (2013); BE (2016); CY (2017); DE (2017); DK (2014); IE (2019); EL (2018); ES (2014); EE (2017) FI (2015); FR (2014); HR (2018); IT (2013); LU (2018); MT (2014); NL (2015); PL (2015); PT (2013); RO (2016); SI (2015); SV (2014), LV (2023).

⁴ [Committee of the Parties - Istanbul Convention: Action against violence against women and domestic violence \(coe.int\)](http://www.coe.int) [Coiste na bPáirtithe - Coinbhinsiún Iostanbúl: Gníomhaíocht in aghaidh foréigean ar mhná agus foréigean baile (coe.int)]

⁵ Riail 2.1.b de na Rialacha Nós Imeachta Choiste na bPáirtithe.

⁶ Doiciméad IC-CP(2015)2, a glacadh an 4 Bealtaine 2015.

rinneadh Páirtí sa Choinbhinsiún den Aontas agus, dá bhrí sin, rinneadh comhalta de CoP de (Airteagal 67(1) den Choinbhinsiún).

2.3. Sásra faireacháin Choinbhinsiún Iostanbúl

Le Coinbhinsiún Iostanbúl, bunaítear sásra faireacháin chun a áirithiú go gcuirfidh na Páirtithe chun feidhme go héifeachtach é⁷. Is é is cuspóir don chuid sin measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear an Coinbhinsiún i bhfeidhm agus treoraíocht a thabhairt do na Páirtithe. Tá dhá chomhlacht ar leith sa sásra faireacháin sin ach bíonn siad ag obair i gcomhar le chéile: sainchomhlacht neamhspleách, an Grúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht in aghaidh Foréigean ar Mhná agus Foréigean Baile ('GREVIO') agus CoP.

Is grúpa neamhspleách saineolaithe é GREVIO a bhfuil sé de chúram air faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar bhonn tíre, i gcomhréir le hAirteagal 66(1) den Choinbhinsiún. Leagtar an nós imeachta faireacháin amach in Airteagal 68 den Choinbhinsiún. I gcomhréir le hAirteagal 68(1) den Choinbhinsiún, ceanglaítear ar Pháirtithe nua tuarascáil a chur isteach (bunaithe ar cheistneoir arna ullmhú ag GREVIO) ina sonraítear na bearta reachtacha agus na bearta eile atá déanta acu chun éifeacht a thabhairt don Choinbhinsiún. Ullmhaíonn GREVIO tuarascáil ar na bearta a rinne an Páirtí sin lena mbaineann chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme, agus tugann sé moltaí agus molann sé tograí maidir leis an gcaoi a bhféadfaidh an Páirtí sin fadhbanna a sainaitníodh a láimhseáil⁸.

Féadfaidh CoP, bunaithe ar thuarascáil GREVIO agus i gcomhréir le hAirteagal 68(12) den Choinbhinsiún, moltaí a ghlacadh a bheidh dírithe chuig an bPáirtí lena mbaineann maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin agus sprioc-am a leagan síos don Pháirtí freagra a chur isteach maidir le cur chun feidhme na moltaí. Ar bhonn na forála sin, tá moltaí á nglacadh ag CoP do Stáit is Páirtithe a dhéanann idirdhealú idir na gníomhaíochtaí sin ar cheart iad a dhéanamh a luaithe is féidir, agus ceanglas ann tuairisc a thabhairt ina leith laistigh de thréimhse 3 bliana, agus na bearta sin nach mbaineann an tosaíocht chéanna leo, cé go bhfuil siad tábhachtach. Ag deireadh na tréimhse 3 bliana, ní mór don Pháirtí tuairisc a thabhairt do CoP maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na moltaí a díriodh chuige. Ar bhonn na faisnéise sin, agus aon fhaisnéis bhreise a fhaightear, glacfaidh CoP conclúidí maidir le cur chun feidhme na moltaí i ndáil le gach Páirtí faoi athbhreithniú, arna n-ullmhú ag Rúnaíocht an Choiste⁹.

Ós rud é go bhfuil an nós imeachta meastóireachta bonnlíne curtha i gcrích le haghaidh beagnach gach Páirtí, chinn GREVIO go déanach in 2022 dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile ina mheastóireacht. Faoi Airteagal 68(3) den Choinbhinsiún, is ina mbabhtá ('babhtá meastóireachta téamaí') a roinnfear nósanna imeachta meastóireachta GREVIO de réir na meastóireachta bonnlíne. Is é an teideal atá ar an gcéad bhabhta meastóireachta téamaí Building Trust by Delivering Support, Protection and Justice [Muintín a Choithú trí Thacaíocht, Cosaint agus Ceartas a Sholáthar] agus tá sé ar siúl ó 2023 go 2031. Cé gur cumhdaíodh leis an meastóireacht bhonnlíne thart ar 60 airteagal de Choinbhinsiún Iostanbúl, tugtar aghaidh sa nós imeachta meastóireachta téamaí nua ar 20 airteagal, mar atá Airteagail 3, 7, 8, 11, 12, 14, 15, 16, 18, 20, 22, 25, 31, 48, 49, 50, 51, 52, 53 agus 56. Leagtar amach

⁷ Airteagal 1(2) de Choinbhinsiún Iostanbúl.

⁸ Airteagal 68(10) de Choinbhinsiún Iostanbúl.

⁹ Sainítear an nós imeachta is infheidhme maidir le maoirseacht a dhéanamh ar an gcur chun feidhme agus ar an tuairisciú sa Framework for supervising the implementation of the recommendations addressed to state parties [Creat chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí a dhírítear chuig stáit is páirtithe], arna ghlacadh ag CoP an 13 Aibreán 2021, IC-CP/Inf(2021)2.

sna hairteagail sin caighdeáin do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, do ghníomhaithe ceartais choiriúil, do sholáthar seirbhísí tacaíochta ginearálta agus speisialaithe d'íospartaigh, agus do chur chuige foriomlán atá dírithe ar íospartaigh. Is é an aidhm atá ann measúnú níos grinne a sholáthar ar na réimsí sin, lena ndírítear ar an dul chun cinn atá déanta faoi gach airteagal. Ag an gcrúinniú a bhí aige i mí na Nollag 2024, ghlac CoP Cinneadh maidir leis na moltaí atá le glacadh ag Coiste na bPáirtithe i bhfianaise na dtuarascálacha ó GREVIO arna nglacadh mar chuid dá chéad bhabhta meastóireachta téamaí ¹⁰.

Go dtí seo, ba é cleachtas CoP moltaí agus conclúidí a ghlacadh bunaithe ar chomhthoil ag a chruinnithe a thionóltar arna iarraidh sin d'aon trian de na Páirtithe ¹¹, d'Uachtarán Choiste na bPáirtithe nó don Ard-Rúnaí, dhá uair sa bhliain de ghnáth.

2.4. Na gníomhartha atá beartaithe ag Coiste na bPáirtithe

An 11 Nollaig 2025, le linn an 19ú cruinniú a bheidh ag CoP, foráiltear go rachaidh sé ar aghaidh le glacadh ocht ndrúachtmholadh (ceann amháin bunaithe ar an nós imeachta meastóireachta bonnlíne agus seacht gcinn bunaithe ar an gcéad bhabhta meastóireachta téamaí) chomh maith le conclúid amháin (na 'drúachtmholtaí' agus na 'drúachtchonclúidí' faoi seach, agus go comhpháirteach na 'gníomhartha atá beartaithe'):

- (1) Moladh maidir le cur chun feidhme Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Ríocht Aontaithe, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)22prov;
- (2) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag Andóra, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)23prov;
- (3) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an mBeilg, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)24revprov;
- (4) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an bhFrainc, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)25prov;
- (5) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Iodáil, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)26prov;
- (6) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Ísiltír, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)27prov;
- (7) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an bPortaingéil [IC-CP(2025)28prov];
- (8) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an tSeirbia, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)29prov; agus
- (9) Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith na Polainne arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe, agus atá i ndoiciméad IC-CP(2025)30prov.

¹⁰ Atá i ndoiciméad IC-CP(2024)10 rev.

¹¹ Airteagal 67(2) den Choinbhinsiún.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Baineann na gníomhartha atá beartaithe le cur chun feidhme fhorálacha an Choinbhinsiúin a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, amhail ábhair maidir le híospartaigh a chosaint agus tacaíocht d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh, agus le cur chun feidhme na bhforálacha maidir le tearmann agus *non-refoulement*. Cumhdaítear na hábhair sin le acquis an Aontais, go háirithe an Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac¹², an Treoir maidir le Cearta Íospartach¹³, an Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn¹⁴, an Treoir maidir le Caighdeáin Fáiltithe¹⁵ agus an Treoir um Athaontú Teaghlaigh¹⁶. Tagann siad faoi inniúlacht eisiach an Aontais a mhéid a d'fhéadfadh forálacha ábhartha an Choinbhinsiúin difear a dhéanamh do na comhrialacha nó a raon feidhme a athrú de réir bhrí Airteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ós rud é go bhféadfadh na gníomhartha atá beartaithe tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais a mhéid a d'fhéadfaidís difear a dhéanamh don léirmhíniú ar fhorálacha ábhartha an Choinbhinsiúin amach anseo, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CoP a bhunú i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le *non-refoulement*.

Tá na dréachtmholtáí agus na dréachtchonclúidí maidir le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais i gcomhréir le cuspóirí agus beartais an Aontais i réimsí an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, an tearmainn agus an *non-refoulement* agus ní ábhar inní iad maidir le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe nach gcuirfidh an tAontas i gcoinne ghlacadh na ndr éachtmholtáí agus na ndr éachtchonclúidí ag an 18ú cruinniú de CoP.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. *Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta

¹² Treoir (AE) 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (IO L, 2024/1385, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1385/o>).

¹³ Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2012/29/oj>).

¹⁴ Rialachán 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L, 2024/1348, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1348/oj>).

¹⁵ Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeáin chun glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (IO L 2024/1346, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1346/oj>).

¹⁶ Treoir 2003/86/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le ceart chun athaontú teaghlaigh (IO L 251, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2003/86/oj>).

lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh' ¹⁷.

4.1.2. *Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é CoP a cuireadh ar bun le Coinbhinsiún Iostanbúl. Na gníomhartha atá beartaithe a iarrtar ar CoP a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. D'fhéadfadh na gníomhartha atá beartaithe tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar dhlí an Aontais, toisc go bhféadfaidís difear a dhéanamh do léirmhíniú fhorálacha ábhartha Choinbhinsiún Iostanbúl amach anseo. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

4.2. **Bunús dlí substainteach**

4.2.1. *Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú leis an tráth céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad atá i ndlúthnasc do-scartha le chéile gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an chinn eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis chomhfhreagracha dlí éagsúla a áireamh sa bhunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

4.2.2. *Feidhm maidir leis an gcás seo*

A mhéid a bhaineann leis an mbunús dlí substainteach, d'aontaigh an tAontas le Coinbhinsiún Iostanbúl a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoina inniúlacht eisiach, is é sin maidir le hábhair a bhaineann le hinstiúidí agus riarachán poiblí an Aontais¹⁸ agus maidir le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le non-refoulement¹⁹. Roinneadh aontachas an Aontais le Coinbhinsiún Iostanbúl ina dhá chinneadh ar leith ón gComhairle chun seasamh speisialta na Danmhairge agus na hÉireann a chur san áireamh maidir le Teideal V CFAE. Dá bhrí sin, ní mór an cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CoP a roinnt ina dhá chinneadh freisin, nuair a bhaineann na moltaí nó na conclúidí ábhartha leis an dá ábhar.

¹⁷ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

¹⁸ Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstiúidí agus riarachán poiblí an Aontais, IO L 143 I, 2.6.2023, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1075/OJ>.

¹⁹ Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus le tearmann agus non-refoulement, IO L 143 I, 2.6.2023, lch 4, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1076/OJ>.

Leis na gníomhartha atá beartaithe saothraítear cuspóirí agus tá comhpháirteanna iontu i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (Airteagal 82(2) agus Airteagal 84 CFAE), agus i réimse an tearmainn agus an non-refoulement (Airteagail 78(2) CFAE). Tá nasc doscartha eatarthu gan ceann amháin a bheith teagmhasach maidir leis an gceann eile. Dá bhrí sin, is iad na forálacha seo a leanas an bunús dlí substainteach don chinneadh atá beartaithe: Airteagal 78(2), Airteagal 82(2) agus Airteagal 84 CFAE.

4.3. Conclúid

Is iad Airteagal 78(2), Airteagal 82(2) agus Airteagal 84, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, ba cheart a bheith ina mbunús dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, ag an 19ú cruinniú a bheidh aige, i dtaca leis na moltaí agus na conclúidí atá dírithe chuig Páirtithe áirithe maidir leis na Stáit sin an Coinbhinsiún sin a chur chun feidhme, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus non-refoulement

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2), Airteagal 82(2) agus Airteagal 84, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thug an tAontas Eorpach Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('an Coinbhinsiún') i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2023/1075²⁰ ón gComhairle i ndáil le hinstiúidí agus riarachán poiblí an Aontais, agus trí bhíthin Chinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle²¹ i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus non-refoulement, a mhéid a thagann na hábhair sin faoi inniúlacht eisiach an Aontais, agus tháinig sé i bhfeidhm i leith an Aontais an 1 Deireadh Fómhair 2023.
- (2) De bhun Airteagal 66(1) den Choinbhinsiún, tá an Grúpa Saineolaithe um ghníomhaíocht in aghaidh foréigean ar mhná agus foréigean baile ('GREVIO') le faireachán a dhéanamh ar na Páirtithe sa Choinbhinsiún ('na Páirtithe') an Coinbhinsiún a chur chun feidhme. I gcomhréir le hAirteagal 68(11) den Choinbhinsiún, tá GREVIO lena thuarascáil agus a chonclúidí a ghlacadh maidir leis na bearta arna ndéanamh ag an bPáirtí lena mbaineann chun forálacha an Choinbhinsiúin a chur chun feidhme.
- (3) Tá Coiste na bPáirtithe ('an Coiste') in ann moltaí atá dírithe chuig an bPáirtí lena mbaineann a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 68(12) den Choinbhinsiún, ar bhonn

²⁰ Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstiúidí agus riarachán poiblí an Aontais (IO L 143 I, 2.6.2023, lch. 1) [Cinneadh - 2023/1075 - GA - EUR-Lex](#).

²¹ Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus le tearmann agus non-refoulement (IO L 143 I, 2.6.2023 lch. 4), [Cinneadh - 2023/1076 - GA - EUR-Lex](#).

thuarascáil agus conclúidí GREVIO. Tá na moltaí sin le hidirdhealú a dhéanamh idir bearta atá le déanamh a luaithe is féidir, agus ceanglas ann tuairisc a thabhairt don Choiste laistigh de thréimhse 3 bliana, agus bearta nach mbaineann an leibhéal céanna neasachta leo, cé go bhfuil siad tábhachtach. Ag deireadh na tréimhse 3 bliana sin, ní mór don Pháirtí tuairisc a thabhairt don Choiste maidir leis na gníomhartha a rinneadh, laistigh de 10 réimse shonracha den Choinbhinsiún. Ar bhonn na tuarascála sin, agus aon fhaisnéis bhreise, tá an Coiste le conclúidí a ghlacadh maidir le cur chun feidhme na moltaí, arna n-ullmhú ag rúnaíocht an Choiste.

- (4) De bhun Airteagal 68(3) den Choinbhinsiún, na nósanna imeachta meastóireachta tar éis nós imeachta na chéad mheastóireachta bonnlíne ag GREVIO, roinnfear iad ina mbabhtai ('babhtai meastóireachta téamaí'). Is é an teideal atá ar an gcéad bhabhta meastóireachta téamaí 'Muinín a Chothú trí Thacaíocht, Cosaint agus Ceartas a Sholáthar' agus tugtar aghaidh ann ar 20 airteagal den Choinbhinsiún, mar atá Airteagail 3, 7, 8, 11, 12, 14, 15, 16, 18, 20, 22, 25, 31, 48, 49, 50, 51, 52, 53 agus 56. Ag an 17^ú cruinniú a bhí ag an gCoiste, an 17 Nollaig 2024, ghlac sé Cinneadh maidir leis na moltaí atá le glacadh ag Coiste na bPáirtithe i bhfianaise na dtuarascálacha ó GREVIO a glacadh mar chuid den chéad bhabhta meastóireachta téamaí atá i ndoiciméad IC-CP(2024)10 rev.
- (5) Tá coinne leis go nglacfaidh an Coiste, le linn an 19ú cruinniú a bheidh aige an 11 Nollaig 2025, na dréachtmholtai seo a leanas (ceann amháin bunaithe ar an mbabhta meastóireachta bonnlíne agus seacht gcinn bunaithe ar an gcéad bhabhta meastóireachta téamaí) agus na dréachtchoclúidí, maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ag naoi bPáirtí (na 'dréachtmholtai' agus na 'dréachtchoclúidí' faoi seach, agus go comhpháirteach na 'gníomhartha atá beartaithe'):
 - (1) Moladh maidir le cur chun feidhme Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Ríocht Aontaithe, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)22prov;
 - (2) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag Andóra, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)23prov;
 - (3) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an mBeilg, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)24revprov;
 - (4) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an bhFrainc, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)25prov;
 - (5) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Iodáil, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)26prov];
 - (6) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Ísiltír, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)27prov;
 - (7) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an bPortaingéil, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)28prov;

- (8) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an tSeirbia, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)29prov; agus
- (9) Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith na Polainne arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe, agus atá i ndoiciméad IC-CP(2025)30prov.
- (6) Baineann na gníomhartha atá beartaithe le cur chun feidhme fhorálacha an Choinbhinsiúin, ar forálacha iad a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, cuir i gcás ábhair a bhaineann le híospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh a chosaint agus le tacaíocht a thabhairt dóibh. Baineann na dréachtmholtaí agus na dréachtchoclúidí freisin le cur chun feidhme fhorálacha an Choinbhinsiúin maidir le tearmann agus non-refoulement. Cumhdaítear na hábhair sin le *acquis* an Aontais, go háirithe Treoir 2003/86/CE ón gComhairle²², Treoracha 2012/29/AE²³, (AE) 2024/1346²⁴ agus (AE) 2024/1385²⁵ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶. Beidh éifeachtaí dlíthiúla ag na gníomhartha atá beartaithe, ós rud é go bhféadfaidís tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar dhlí an Aontais sa mhéid go bhféadfaidís difear a dhéanamh do léirmhíniú fhorálacha ábhartha an Choinbhinsiúin amach anseo. Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste a bhunú maidir le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le non-refoulement.
- (7) Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gcumhdaítear moltaí a bhaineann le hairteagail áirithe den Choinbhinsiún ach go páirteach faoi inniúlacht an Aontais. Maidir leis na hairteagail sin, ba cheart an cinneadh sin a bheith gan dochar d’inniúlacht na mBallstát, ionas, mar shampla, go bhfuil an méid seo a leanas fíor: a mhéid a bhaineann le moltaí maidir le hAirteagail 49 agus 50 den Choinbhinsiún, ba cheart an cinneadh seo a bheith gan dochar d’inniúlacht na mBallstát maidir le heagrú agus riar inmheánach a gcóras ceartais; a mhéid a bhaineann le moltaí maidir le hAirteagail 11 agus 20 den Choinbhinsiún, ba cheart an cinneadh seo a bheith gan dochar d’inniúlacht na mBallstát seirbhísí cúraim sláinte agus cúram leighis a eagrú agus a sholáthar; i dtaca le moltaí maidir le hAirteagal 14 den Choinbhinsiún, ba cheart an cinneadh seo a bheith gan dochar d’inniúlacht na mBallstát maidir le hábhar an teagaisc agus eagrú na gcóras oideachais, agus a mhéid a bhaineann le moltaí maidir le hAirteagal 31 den Choinbhinsiún, ba cheart an cinneadh seo a bheith gan dochar d’inniúlacht na mBallstát i réimse an dlí teaghlaigh.

²² Treoir 2003/86/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le ceart chun athaontú teaghlaigh (IO L 251, 3.10.2003, lch. 12, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2003/86/oj>).

²³ Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lgh. 57–73, <http://data.europa.eu/eli/dir/2012/29/oj>).

²⁴ Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeáin chun glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (IO L 2024/1346, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1346/oj>).

²⁵ Treoir (AE) 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (IO L, 2024/1385, 24.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1385/oj>).

²⁶ Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L, 2024/1348, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1348/oj>).

- (8) A mhéid a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuimsítear sa dréachtmholadh maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin an gá atá leis an méid seo a leanas: sainmhíniú na dlíthiúla atá ann cheana a chomhchuíbhiú i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún (Airteagal 3 den Choinbhinsiún); a áirithiú go gcuirfear forálacha Choinbhinsiún Iostanbúl chun feidhme gan idirdhealú agus dearcthaí agus riachtanais na mban atá thíos leis an idirdhealú trasnach a chomhtháthú i mbeartais (Airteagal 4 den Choinbhinsiún); acmhainní airgeadais iomchuí agus inbhuanaithe a áirithiú do na beartais uile atá dírithe ar fhoréigean in aghaidh na mban a chomhrac agus cistiú inbhuanaithe a áirithiú d'eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta (Airteagal 8 den Choinbhinsiún); aitheantas agus tacaíocht d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a threisiú (Airteagal 9 den Choinbhinsiún); an sainordú agus na hinniúlachtaí is gá a thabhairt do na comhlachtaí comhordúcháin náisiúnta agus comhordú agus cur chun feidhme beartais agus bearta a áirithiú chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac agus chun a áirithiú go ndéanfar faireachán agus meastóireacht neamhspleách ar na beartais agus na bearta sin, le tacaíocht ó shonraí ábhartha (Airteagal 10 den Choinbhinsiún); córais bailithe sonraí a chomhchuíbhiú agus bailiú córasach sonraí imdhealaithe maidir le foréigean in aghaidh na mban a áirithiú (Airteagal 11 den Choinbhinsiún); oiliúint a áirithiú le haghaidh gairmithe ábhartha maidir le conas freagairt leordhóthanach a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh na mban agus é a imscrúdú (Airteagal 15 den Choinbhinsiún); deireadh a chur le bacainní ar rochtain a fháil ar sheirbhísí tacaíochta ginearálta (Airteagal 20 den Choinbhinsiún); sainseirbhísí tacaíochta a bhfuil foireann agus acmhainní leordhóthanacha acu a chur ar fáil do gach íospartach, agus cur leis an líon ionad dídine d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh agus le hacmhainneacht na n-ionad sin (Airteagal 22 23 den Choinbhinsiún); a áirithiú gur féidir a mheas gur imthoisc ghéaraitheach é foréigean in aghaidh linbh gan beann ar chaidreamh dhéantóir na coire leis an leanbh (Airteagal 46 den Choinbhinsiún); íospairt thánaisteach a laghdú trína áirithiú go mbeidh saineolas leordhóthanach ar na hábhair sin ag daoine a dhéanann imscrúdú agus ionchúiseamh ar ghníomhartha foréigin in aghaidh na mban agus trína áirithiú go láimhseálfar cásanna go héifeachtúil gan mhoill (Airteagal 50 den Choinbhinsiún); tabhairt isteach agus cur chun feidhme orduithe urchoisc éigeandála a áirithiú i gcás inar gá (Airteagal 52 den Choinbhinsiún); agus rochtain ar chóiríocht leordhóthanach agus shábháilte a áirithiú do gach bean agus cailín le linn an nós imeachta tearmainn agus ar chaighdeán inscne-íogaire i saoráidí fáiltithe (Airteagal 60 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil an dréachtmholadh maidir leis na hábhair sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, tearmainn agus non-refoulement agus nach bhfuil aon ábhar imní ann maidir le dlí an Aontais, is é an seasamh ba cheart a bheith ag an Aontas gan agóid a dhéanamh i gcoinne a ghlactha.
- (9) A mhéid a bhaineann le hAndóra, cuimsítear sna dréachtmholtaí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin an gá atá leis an méid seo a leanas: straitéis chuimsitheach fhadtearmach a fhorbairt chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún a chosc agus a chomhrac; a áirithiú go mbeidh eagraíochtaí um chearta na mban rannpháirteach go hiomlán i gceapadh beartais agus measúnú rialta a dhéanamh ar na beartais sin ar bhonn táscairí mionsonraithe (Airteagal 7); a áirithiú go ndéanfar fóirdheontais leordhóthanacha agus am leordhóthanach d'eagraíochtaí neamhrialtasacha um chearta na mban chun gníomhaíochtaí a chuirtear de chúram orthu a dhéanamh (Airteagal 8); leanúint de shíneadh a chur le bailiú sonraí imdhealaithe maidir le gach cineál foréigin a chumhdaítear le Coinbhinsiún Iostanbúl agus go bhfuil sonraí iomlána ar fáil maidir le cinní breithiúnacha a bhaineann le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh (Airteagal 11); feachtais

choisc a leathnú chun gach cineál foréigin a chumhdaítear le Coinbhinsiún Iostanbúl (Airteagal 12 den Choinbhinsiún) a chumhdach; acmhainní daonna leordhóthanacha agus cáilíochtaí leordhóthanacha a áirithiú le haghaidh gairmithe atá ag obair ar chlár do dhéantóirí coire, íoschaighdeáin a cheapadh agus clár sonracha a thabhairt isteach le haghaidh dhéantóirí an fhoréigin ghnéasaigh (Airteagal 16); a áirithiú go bhfreastalóidh sainseirbhísí tacaíochta ar riachtanais íospartach agus go mbeidh rochtain iomlán ag mná imirceacha, ag mná ar dídeanaithe iad agus ag iarrthóirí tearmainn ar mná iad ar na seirbhísí sin (Airteagail 22 agus 60); iarrachtaí a bhunú chun feabhas a chur ar oibríochtaí póilíneachta trí gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chumhdaítear le Coinbhinsiún Iostanbúl a chur san áireamh agus feacht na ngairmithe lena mbaineann a ardú (Airteagail 49 agus 50); bearta a dhéanamh chun a ráthú go ndéanfaidh na páirtithe leasmhara uile measúnuithe riosca ar gach cineál foréigin a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún agus na bearta sin a dhéanamh arís go rialta (Airteagal 51); a áirithiú gur féidir orduithe urchoisc éigeandála a eisiúint gan mhoill i gcás ina bhfuil contúirt láithreach ann agus creat dlíthiúil soiléir a bhunú lena ráthaítear bainistiú cuí orduithe urchoisc éigeandála (Airteagal 52); agus a áirithiú gur féidir le híospartaigh gach cineáil foréigin a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún tairbhiú d'orduithe cosanta agus go ngearrfar pionós i gcás sáruithe (Airteagal 53). Ós rud é go bhfuil na dréachtmholtaí sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, tearmainn agus non-refoulement agus nach bhfuil aon ábhar inmí iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a nglactha.

- (10) A mhéid a bhaineann leis an mBeilg, cuimsítear sna dréachtmholtaí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin an gá atá leis an méid seo a leanas: comhsheasmhacht níos fearr idir beartais agus bearta a áirithiú i ndáil le foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac idir leibhéil éagsúla na n-údarás sa tír (Airteagal 7 den Choinbhinsiún); a áirithiú go ndéanfar na sonraí a bhailítear a imdhealú agus bailiú sonraí a chomhchuiubiú (Airteagal 11 den Choinbhinsiún); a áirithiú go dtabharfar eolas ar choincheap an toilithe a thugtar faoi shaoirse i gcaidreamh gnéasach (Airteagal 14 den Choinbhinsiún); oiliúint tosaigh agus inseirbhíse a thabhairt isteach le haghaidh gach leibhéil d'oifigigh forfheidhmithe dlí agus gach gairmí cúraim sláinte ábhartha, agus caighdeáin cháilíochta le haghaidh cúrsaí oiliúna a ghlacadh agus a scaipeadh (Airteagal 15 den Choinbhinsiún); dlús a chur leis an tacaíocht do théarnamh agus do neamhspleáchas eacnamaíoch na n-íospartach foréigin ar mná iad trí bhearta ábhartha agus conairí cúraim caighdeánaithe a chur chun feidhme in earnáil an chúraim sláinte chun a áirithiú go sainaithneofar íospartaigh agus go ndéanfar iad a chur ar aghaidh chuig sainseirbhísí tacaíochta iomchuí (Airteagal 20 den Choinbhinsiún); cur leis an líon ionad dídine do mhná amháin agus lena n-acmhainneacht agus a áirithiú nach mbeidh táillí ina mbacainn ar rochtain a fháil ar ionaid dídine, agus líne chabhrach ar fud an stáit a chur ar bun a fheidhmeoidh mar phointe teagmhála aonair do gach íospartach (Airteagal 22 den Choinbhinsiún); a áirithiú go ndéanfaidh saoráidí cuairte faoi mhaoirseacht foráil maidir le sábháilteacht leanaí agus a máithreacha agus íospairt thánaisteach a sheachaint (Airteagal 31 den Choinbhinsiún); éifeachtúlacht a áirithiú, a chinntiú go dtabharfaidh an t-ionchúiseamh tús áite do na cásanna sin agus go gcuirfidh sé tuiscint inscnebhunaithe agus íospartach-lárnach i bhfeidhm ar fhoréigean in aghaidh na mban, a áirithiú go mbeidh coimircí éifeachtacha i bhfeidhm chun úsáid mhíchuí na hidirghabhála a chosc agus bearta a dhéanamh chun éagothromaíochtaí a sheachaint sa fhreagairt bhreithiúnach ar gach cás foréigin in aghaidh na mban (Airteagail 49 agus 50 den Choinbhinsiún); deireadh a chur le bacainní ar úsáid orduithe urchoisc, orduithe cosanta agus orduithe

srianta éigeandála, a áirithiú go mbeidh orduithe den sórt sin ar fáil agus inrochtana do gach íospartach agus gur féidir iarratas a dhéanamh orthu go neamhspleách ar nósanna imeachta eile (Airteagail 52 agus 53 den Choinbhinsiún); agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart cosanta atá ann cheana agus a áirithiú go gcuirfear na bearta uile atá i bhfeidhm chun feidhme sa chleachtas d'íospartaigh gach cineáil foréigin a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún (Airteagal 56 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na dréachtmholtaí sin i gcomhréir le beartais agus cuspoirí an Aontais i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus nach bhfuil aon ábhar inní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a nglacadh.

- (11) A mhéid a bhaineann leis an bhFrainc, cuimsítear sna dréachtmholtaí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin an gá atá leis an méid seo a leanas: straitéis uileghabhálach fhadtéarmach a fhorbairt chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún a chosc agus a chomhrac, a áirithiú go leithdháilfear acmhainní leordhóthanacha ar an gcomhlacht a chomhordaíonn na beartais chun foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac; a áirithiú go mbeidh comhlachais um chearta na mban rannpháirteach go hiomlán i gceapadh beartais agus measúnú rialta a dhéanamh ar na beartais sin ar bhonn táscairí réamhshainithe (Airteagail 3 agus 7 den Choinbhinsiún); leanúint de na hiarrachtaí chun cistiú leordhóthanach a áirithiú do bheartais chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac agus a áirithiú go mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha agus cobhsaí ag eagraíochtaí um chearta na mban chun a gcuid oibre a dhéanamh (Airteagal 8 den Choinbhinsiún); a áirithiú go ndéanfar na sonraí a bhailíonn na seirbhísí breithiúnacha a dhí-chomhiomlánú (Airteagal 11 den Choinbhinsiún); feabhas a chur ar iarrachtaí agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeart sa chosc príomhúil (Airteagal 12 den Choinbhinsiún); a áirithiú go bhfaighidh gach gairmí a bhíonn i dteagmháil le híospartaigh agus le déantóirí na coire oiliúint maidir le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus go ndéanfar measúnú ar an oiliúint sin (Airteagal 15 den Choinbhinsiún); íoschaighdeáin a ghlacadh agus a chur chun feidhme maidir le cláir do dhéantóirí foréigin agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na glár sin (Airteagal 16 den Choinbhinsiún); a áirithiú go gcuirfear comhlachtaí comhordúcháin ar bun ar fud na tíre agus go mbeidh na comhlachtaí uile lena mbaineann rannpháirteach sna saoráidí nua ilfhreastail a chuirfear ar bun chun tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh ar mná iad (Airteagal 18 den Choinbhinsiún); a áirithiú go mbeidh rochtain ag íospartaigh uile foréigin ar mná iad ar scrúdú fóiréinseach agus ar an bhféidearthacht fianaise a chaomhnú agus bearta breise a dhéanamh chun foréigean in aghaidh na mban faoi mhíchumas a chosc agus a chomhrac (Airteagal 20 den Choinbhinsiún); a áirithiú go mbeidh saintacaíocht ar fáil ar fud na tíre, lena n-áirítear d'íospartaigh foréigin ar mná iad agus dá leanaí atá ina gcónaí in ionaid dídine, agus a áirithiú go bhfreagróidh na seirbhísí sin do ghné dhigiteach an fhoréigin in aghaidh na mban (Airteagal 22 den Choinbhinsiún); cúram leighis, tacaíocht tráma, scrúduithe fóiréinseacha agus cúnaimh síceolaíoch a sholáthar d'íospartaigh foréigin ghnéasaigh (Airteagal 25 den Choinbhinsiún); sábháilteacht íospartach agus a leanaí a áirithiú agus cinneadh á dhéanamh maidir le cearta coimeáda agus cuairte trí chur i bhfeidhm na mbeart a leathnú chun comhar idir cúirteanna sibhialta agus coiriúla a neartú agus chun a áirithiú go bhfuil dóthain saoráidí ann le haghaidh cuairteanna faoi mhaoirseacht (Airteagal 31 den Choinbhinsiún); na bearta a neartú a dhéantar chun íospartaigh gach cineáil foréigin ar mná iad a chumhdaítear le Coinbhinsiún Iostanbúl a spreagadh chun foréigean den sórt sin a thuairisciú agus a áirithiú go mbeidh seirbhísí fáiltithe agus tacaíochta iomchuí ar

fáil; bearta a dhéanamh chun a áirithiú go sroichfidh níos mó cásanna foréigin ghnéasaigh céim an ionchúisimh agus leanúint de na hiarrachtaí chun freagairt bhreithiúnach chuá a áirithiú ar gach cineál foréigin in aghaidh na mban (Airteagail 49 agus 50 den Choinbhinsiún); a áirithiú go ndéanfar measúnuithe riosca go córasach i ngach cás foréigin in aghaidh na mban (Airteagal 51 den Choinbhinsiún); úsáid níos mó a bhaint as orduithe cosanta agus a áirithiú go ngearrfar pionós i gcás sáruithe (Airteagal 53 den Choinbhinsiún); agus teorainn a chur leis an íospairt thánaisteach ar féidir íospartaigh foréigin ar mná iad a bheith thíos léi le linn imeachtaí (Airteagal 56 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na dréachtmholtaí sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus nach bhfuil aon ábhar inní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a nglacadh.

- (12) A mhéid a bhaineann leis an Iodáil, cuimsítear sna dréachtmholtaí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin an gá atá leis an méid seo a leanas: sainmhínte a thabhairt isteach ar fhoréigean teaghlaigh agus ar fhoréigean in aghaidh na mban atá i gcomhréir le hAirteagal 3 chun úsáid choiteann na gcoincheap sin a áirithiú (Airteagal 3 den Choinbhinsiún), a áirithiú go dtabharfar aghaidh sa phlean gníomhaíochta náisiúnta maidir le foréigean in aghaidh na mban ar gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus go dtacófar leis le hamlíne, le hacmhainní airgeadais agus le táscairí chun dul chun cinn a thomhas; comhairliúchán éifeachtach leis an tsochaí shibhialta a áirithiú agus comhordú níos fearr a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeartas ábhartha (Airteagal 7 den Choinbhinsiún); cistiú inbhuanaithe agus fadtéarmach a áirithiú do na beartais agus na bearta uile chun foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac, agus cistiú leordhóthanach agus inbhuanaithe a chur ar fáil d'ionaid dídine (Airteagal 8 den Choinbhinsiún); bailiú agus dí-chomhiomlánú sonraí ag na páirtithe leasmhara ábhartha uile a áirithiú (Airteagal 11 den Choinbhinsiún); teagasc choincheap an toilithe a thugtar faoi shaoirse i gcaidreamh gnéasach a áirithiú (Airteagal 14 den Choinbhinsiún); oiliúint tosaigh agus inseirbhíse a thabhairt isteach le haghaidh gach gairmí ábhartha maidir le gach cineál foréigin in aghaidh na mban (Airteagal 15 den Choinbhinsiún); cur leis an líon ionad dídine agus lena n-acmhainneacht i ndáileadh geografach leordhóthanach agus cóiríocht a áirithiú le haghaidh gach íospartaigh, a áirithiú go mbeidh rochtain ag íospartaigh ciorraithe ball giniúna ban ar thacaíocht líne cabhrach, agus a áirithiú nach mbeidh comhairleoireacht shíceolaíoch do leanaí atá neamhchosanta ar fhoréigean teaghlaigh nó ar chineálacha eile foréigin in aghaidh na mban faoi réir fhormheas na beirte tuismitheoirí (Airteagail 22, 23, 24 agus 26 den Choinbhinsiún); áitribh shábháilte a chur ar fáil le haghaidh cuairteanna faoi mhaoirseacht le tacaíocht ó ghairmithe atá oilte i bhforéigean teaghlaigh (Airteagal 31); a áirithiú go n-úsáidfear seirbhísí ceartais aisríoch i gcás cionta faoi raon feidhme Choinbhinsiún Iostanbúl go cúramach, agus go mbeidh siad bunaithe ar thoiliú saor agus feasach an íospartaigh (Airteagal 48 den Choinbhinsiún); a áirithiú go mbeidh freagairtí tráthúla agus leordhóthanacha ann ó ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ar thuarascálacha a bhaineann le gach cineál foréigin in aghaidh na mban, agus go mbeidh imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach ann i gcásanna den sórt sin (Airteagail 49 agus 50 den Choinbhinsiún); measúnuithe riosca córasacha a áirithiú le haghaidh íospartaigh gach cineáil foréigin in aghaidh na mban, measúnuithe atá bunaithe ar lámhleabhair agus ar threoirilínte agus aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le leanaí agus a rioscaí aonair a chuimsiú sa mheasúnú (Airteagal 51 den Choinbhinsiún); agus a áirithiú go n-eiseofar orduithe urchoisc éigeandála sa chleachtas nuair is gá, faireachán a dhéanamh ar orduithe agus freagairt i gcás sárarithe agus leanaí a chuimsiú faoi raon feidhme na n-orduithe urchoisc agus srianta

éigeandála (Airteagail 52 agus 53 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na dréachtmholtaí sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus nach bhfuil aon ábhar inní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a nglacadh.

(13) A mhéid a bhaineann leis an Ísiltír, cuimsítear sna dréachtmholtaí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin an gá atá leis an méid seo a leanas: a áirithiú go léiríonn na sainmhínte i ndoiciméid bheartais go ndéanann foréigean teaghlaigh difear díreireach do mhná agus na sainmhínte sa reachtaíocht a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 3b de Choinbhinsiún Iostanbúl (Airteagal 3 den Choinbhinsiún); a áirithiú go ndéanfar comhordú ar na beartais agus na bearta a dhéantar i ndáil le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac agus go gcumhdófar leo gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chumhdaítear le Coinbhinsiún Iostanbúl, ról an chomhlachta comhordúcháin a shannadh d'eintitis atá go hiomlán institiúidithe a bhfuil sainorduithe, inniúlachtaí agus acmhainní riachtanacha soiléire acu agus rannpháirtíocht eagraíochtaí neamhrialtasacha a áirithiú i gceapadh beartas (Airteagal 7 den Choinbhinsiún); cistiú iomchuí agus inbhuanaithe a thabhairt isteach le haghaidh beartas agus beart maidir le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus foréigin teaghlaigh agus cistiú iomchuí agus inbhuanaithe a áirithiú le haghaidh eagraíochtaí um chearta na mban (Airteagal 8 den Choinbhinsiún); catagóirí sonraí a oiriúnú lena n-úsáid ag earnáil an cheartais agus ag gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus dí-chomhiomlánú a áirithiú (Airteagal 11 den Choinbhinsiún); dlús a chur le hoiliúint na ngairmithe uile a bhíonn ag déileáil le híospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban maidir le gach cineál foréigin a chumhdaítear le Coinbhinsiún Iostanbúl agus leas á bhaint as saineolas eagraíochtaí um chearta na mban (Airteagal 15 den Choinbhinsiún); dlús a chur leis na hiarrachtaí chun cur leis an líon ionad dídine agus lena n-acmhainneacht agus chun cur lena gcumas freastal ar riachtanais na mban atá faoi réir leithcheal trasnach (Airteagal 22 den Choinbhinsiún); imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach a áirithiú i gcásanna foréigin in aghaidh na mban a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún agus bearta a dhéanamh chun íospartaigh ar mná iad a spreagadh chun tuairisciú a dhéanamh, lena n-áirítear mná atá i mbaol leithcheal trasnach (Airteagail 49 agus 50 den Choinbhinsiún); bearta a dhéanamh chun measúnuithe riosca atá inscne-íogair a áirithiú i gcásanna foréigin teaghlaigh agus cineálacha eile foréigin in aghaidh na mban mar chuid de fhreagairt ilghníomhaireachta (Airteagal 51 den Choinbhinsiún); agus athbhreithniú agus leathnú a dhéanamh ar an gcóras maidir le horduithe srianta agus urchoisc éigeandála i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún, chun a áirithiú gur féidir leis na húdaráis ábhartha orduithe den sórt sin a eisiúint láithreach i gcásanna garchontúirte (Airteagal 52 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na dréachtmholtaí sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus nach bhfuil aon ábhar inní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a nglacadh.

(14) A mhéid a bhaineann leis an bPortaingéil, cuimsítear sna dréachtmholtaí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin an gá atá leis an méid seo a leanas: a áirithiú go mbeidh acmhainní airgeadais iomchuí ann chun straitéisí agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta a chur chun feidhme, agus go mbeidh cistiú inbhuanaithe ann d'eagraíochtaí um chearta na mban (Airteagal 8 den Choinbhinsiún); oiliúint tosaigh agus inseirbhíse a áirithiú le haghaidh chomhaltaí na mbreithiúna maidir le gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún agus a áirithiú go gcuirfear oiliúint leanúnach ar gach gairmí ábhartha maidir le foréigean in aghaidh na

mhan (Airteagal 15 den Choinbhinsiún); a áirithiú go mbeidh cláir do dhéantóirí foréigin teaghlaigh agus ghnéasaigh ar fáil go leordhóthanach, go nglacfar íoschaighdeáin leo agus go ndéanfar meastóireacht orthu (Airteagal 16 den Choinbhinsiún); freagairt chomhordaithe ilghníomhaireachta a fhorbairt ar gach cineál foréigin in aghaidh na mhan (Airteagal 18 den Choinbhinsiún); líne chabhrach a chur ar bun le haghaidh íospartaigh cineálacha éagsúla foréigin ar mná iad, cur leis an líon ionad dídine do mhná amháin agus lena n-acmhainneacht le haghaidh íospartaigh gach cineál foréigin in aghaidh na mhan agus a áirithiú go mbeidh sainseirbhísí tacaíochta ar fáil agus deireadh a chur leis an gceanglas ar íospartaigh ban coir a thuairisciú chun rochtain a fháil ar dhídean (Airteagal 22 den Choinbhinsiún); tosaíocht a thabhairt do shábháilteacht agus d'urramú chearta na n-íospartach ban agus a leanaí agus cuairt faoi mhaoirseacht á cur chun feidhme (Airteagal 31 den Choinbhinsiún); freagairt thapa atá inscne-íogair ó oifigigh forfheidhmithe dlí a áirithiú i ngach cás foréigin in aghaidh na mhan, lena n-áirítear ina ngné dhigiteach; a áirithiú go ndéanfar cásanna a imscrúdú go héifeachtach (Airteagail 49 agus 50 den Choinbhinsiún); agus an córas orduithe urchoisc éigeandála agus an córas orduithe cosanta agus srianta a ailíniú leis an gChoinbhinsiún; a áirithiú go gcinnefar raon feidhme agus ré na n-orduithe cosanta ar bhonn cás ar chás, go neartófar an faireachán ar orduithe cosanta agus go mbeidh sárúithe ar orduithe den sórt sin faoi réir smachtbhannaí athchomhairleacha (Airteagail 52 agus 53 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na moltaí sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus nach bhfuil aon ábhar inní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a nglacadh.

- (15) A mhéid a bhaineann leis an tSeirbia, cuimsítear sna dréachtmholtaí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin an gá atá leis an méid seo a leanas: an sainmhíniú ar fhoréigean teaghlaigh a chomhchuíbhíú ar fud na ndlíthe i gcomhréir leis an gChoinbhinsiún, cur chun feidhme éifeachtach na straitéise náisiúnta agus faireachán uirthi a áirithiú, agus acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar an gcomhlacht inniúil nó ar na comhlachtaí inniúla atá freagrach as comhordú, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar bheartais agus ar bhearta lena dtugtar aghaidh ar gach cineál foréigin in aghaidh na mhan (Airteagail 3 agus 7); acmhainní airgeadais iomchuí agus inbhuanaithe a áirithiú le haghaidh reachtaíochta, beartas agus beart chun foréigean in aghaidh na mhan agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac agus cistiú inbhuanaithe a ráthú le haghaidh eagraíochtaí ban a chuireann saintacaíocht ar fáil d'íospartaigh (Airteagal 8 den Choinbhinsiún); a áirithiú go ndéanfar na sonraí a bhailítear a imdhealú de réir tosa ábhartha agus bailiú sonraí a chomhchuíbhíú (Airteagal 11 den Choinbhinsiún); bearta coisctheacha rialta a áirithiú chun steiréitíopaí inscne a dhíothú, feachtais múscaillte feasachta a chur chun cinn lena dtugtar aghaidh ar gach cineál foréigin in aghaidh na mhan, lena n-áirítear an ghné dhigiteach, lena ndírítear ar an tsochaí ina hiomláine (Airteagal 12 den Choinbhinsiún); a áirithiú go gcuirfead oiliúint chórasach tosaigh agus inseirbhíse ar fáil do na gairmithe ábhartha uile (Airteagal 15 den Choinbhinsiún); acmhainní leordhóthanacha a leathnú agus a chur ar fáil do chláir do dhéantóirí foréigin teaghlaigh agus comhchaighdeáin a ghlacadh (Airteagal 16 den Choinbhinsiún); feabhas a chur ar an rochtain atá ag íospartaigh ar thacaíocht airgeadais, ar thithíocht agus ar fhostaíocht agus scrúduithe fóiréinseacha saor in aisce a áirithiú (Airteagal 20 den Choinbhinsiún); an líon áiteanna dídine a mhéadú chun cóiríocht shábháilte a áirithiú le haghaidh gach íospartaigh, lena n-áirítear iad siúd a ndéantar leithcheal trasnach orthu (Airteagal 22 den Choinbhinsiún); ionaid atreorúcháin éigeandála um éigniú nó ionaid atreorúcháin maidir le foréigean gnéasach a áirithiú ar fud na tíre, a

bheidh ar fáil gan beann ar thoilteanas an íospartaigh an choir a thuairisciú (Airteagal 25 den Choinbhinsiún); tuairisciú gach cineál foréigin in aghaidh na mban a spreagadh, feacht na n-údarás forfheidhmithe dlí a ardú chun freagairtí atá inscne-íogair a áirithiú, bailiú fianaise a neartú agus bearta a dhéanamh chun láimhseáil éifeachtúil cásanna a áirithiú (Airteagail 49 agus 50 den Choinbhinsiún); oiliúint agus treoraíocht a áirithiú le haghaidh póilíní maidir le measúnuithe riosca agus ról a thabhairt do na hinstiúidí ábhartha uile sa mheasúnú (Airteagal 51 den Choinbhinsiún); feabhas a chur ar an bhfaireachán ar bhearta éigeandála agus ar bhearta cosanta leathnaithe agus ar chomhlíonadh na mbeart sin, lena n-áirítear trí fhaireachán leictreonach; comhsheasmhacht a áirithiú sa phróiseas agus leanaí a chuimsiú go córasach i mbearta cosanta éigeandála agus in orduithe cosanta fadtéarmacha araon (Airteagail 52 agus 52 den Choinbhinsiún); agus cur chun feidhme éifeachtach na mbeart cosanta íospartach uile a áirithiú le linn imscrúduithe agus imeachtaí breithiúnacha agus íospartaigh a chosaint ar imeaglú, ar bhearta díoltais agus ar athíospairt trína gceart a chaomhnú go gcuirfí ar an eolas go cuí iad nuair a eisítear orduithe nó nuair a scaoiltear déantóirí na coire nó nuair a éalaíonn siad (Airteagal 56 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na dréachtmholtaí sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus nach bhfuil aon ábhar inní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a nglacadh.

- (16) A mhéid a bhaineann leis an bPolainn, cuimsítear sna dréachtchonclúidí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin an gá atá leis an méid seo a leanas: a áirithiú go gcuirfear forálacha an Choinbhinsiúin chun feidhme gan idirdhealú agus chun aghaidh a thabhairt ar an iliomad cineálacha idirdhealaithe a mbíonn ar ghrúpaí áirithe íospartach aghaidh a thabhairt orthu agus rochtain á fáil acu ar chosaint agus ar thacaíocht (Airteagal 4 den Choinbhinsiún); beartais chuimsitheacha chomhordaithe a fhorbairt ar fud na tíre chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chumhdáitear leis an gCoinbhinsiún a chosc agus a chomhrac, sásraí comhair idirinstiúideacha idir údarais a neartú chun rochtain íospartach ar shásraí tacaíochta agus cosanta a áirithiú (Airteagal 7 den Choinbhinsiún); acmhainní airgeadais a mhéadú chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac, cistiú a chur ar fáil d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach i gcur chun feidhme na mbeartas ábhartha uile agus san fhaireachán a dhéanfar orthu (Airteagal 8 den Choinbhinsiún); na hacmhainní daonna agus airgeadais is gá a leithdháileadh ar an gcomhlacht comhordúcháin do Choinbhinsiún Iostanbúl agus rannpháirtíocht eagraíochtaí um chearta na mban a áirithiú (Airteagail 9 agus 10 den Choinbhinsiún); bailiú sonraí imdhealaithe a áirithiú agus bailiú sonraí idir seirbhísí ábhartha a chomhchuihbhiú (Airteagal 11 den Choinbhinsiún); a áirithiú gur féidir orduithe urchoisc, srianta agus cosanta éigeandála a eisiúint le haghaidh gach cineáil foréigin faoin gCoinbhinsiún agus smachtbhannaí a áirithiú i gcás sárú (Airteagail 52 agus 53 den Choinbhinsiún); rochtain thapa ar nósanna imeachta tearmainn a áirithiú le haghaidh iarrthóirí tearmainn ar mná iad, nósanna imeachta atá inscne-íogair a áirithiú agus seasamh le prionsabal an non-refoulement (Airteagail 60 agus 61 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na dréachtchonclúidí sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais i réimsí an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, tearmann agus non-refoulement agus nach bhfuil aon ábhar inní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a nglacadh.
- (17) Níl Éire faoi cheangal ag Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle agus, dá bhrí sin, níl sí rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

- (18) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm, TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste na bPáirtithe, a bunaíodh faoi Airteagal 67 de Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, ag an 18ú cruinniú a bheidh aige, nach ndéanfar agóid i gcoinne ghlacadh na ngníomhartha seo a leanas:

- (1) Moladh maidir le cur chun feidhme Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Ríocht Aontaithe, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)22prov;
- (2) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag Andóra, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)23prov;
- (3) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an mBeilg, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)24revprov;
- (4) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an bhFrainc, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)25prov;
- (5) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Iodáil, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)26prov];
- (6) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Ísiltír, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)27prov;
- (7) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an bPortaingéil, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)28prov;
- (8) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an tSeirbia, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)29prov; agus
- (9) Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith na Polainne arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe, agus atá i ndoiciméad IC-CP(2025)30prov.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*